



SCRIPT, SIÚT AND SCÁILEÁN – Scéim First Frames dlr 2024/25

Deis ar leith atá í scéim First Frames dlr do scannánóirí chun á spreagadh scéalta spreagúla, dinimiciúla agus mealltacha a chur le chéile ar an scáileán. Tá sé mar aidhm aige maoiniú agus tacaíocht a chur ar fáil do na scannánóirí siúd atá ag teacht chun cinn agus ag lorg gearrscannán uailmhianach cruthaitheach a fhorbairt atá lonnaithe i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Chun críocha na Scéime, ciallaíonn "scannánóir ag teacht chun cinn" de réir na céime gairme aige, ní ar an aois aige.. Spreagtar gach scannánóir tabhairt ar a thionscadal le uailmhian agus le misneach ina chuid scéalaíochta, agus úsáid a bhaint as raon agus as éagsúlacht na suíomhanna atá ar fáil i dlr mar chúlra agus mar ábhar spreagtha dó le haghaidh úrscannán bríomhar a chruthú.

Cuireann First Frames dlr fáilte roimh éagsúlacht stíleanna, téamaí agus cur chuige cruthaitheach na scannánaíochta. Tá sí ar oscailt do thograí a mbaineann le gearrscannáin cruthaithigh; ní thacaíonn an Scéim le scannáin bheochana ná le cláir faisnéise. Siad na príomhriachtanais aici ná scéalta maithe agus fíis phaiseanta don scannánaíocht. Séard atá mar sprioc aici ná an doras a oscailt do réalta na scannánaíochta atá ag teacht chun chinn in Éirinn i láthair na huair. Séard atá mar chuspóir ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLR) leis an deis seo a chur chun cinn ná tacaíocht a thabhairt do scannánóirí atá ag teacht chun cinn chun scannáin bhríomhara agus láidre a dhéanamh agus an fheasacht a mhéadú ar éagsúlacht agus ar sholúbthacht na suíomhanna atá ar fáil sa cheantar. Tá Aonad Forbartha Eacnamaíoch DLR ag cabhrú leis an deis seo chomh maith chun tacaíochta a thabhairt don fhostaíocht i dtionscal na scannánaíochta i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá First Frames dlr arna mhaoiniú go hiomlán ag Oifig Ealaíon agus ag Aonad na Forbartha Eacnamaíochta de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus arna bhainistiú ag IEDT. Cuirfear an maoiniú ar fáil tríd an scéim chun tacú le trí ghearrscannán, (gearrscannán Gaeilge* ceann acu) le deontais suas le €13,000 an ceann (tabhair faoi deara go bhfuil [CBL san áireamh](#) anseo). Cuirfidh Scoil Náisiúnta na Scannán den IEDT tacaíocht mheantóireachta ar fáil mar aon le

trealamh agus áiseanna breise na scannánaíochta ón IAET (ag brath ar fháil, ar rochtain agus ar inniúlacht ghairmiúil).

Caithfear iarratas a dhéanamh ar líne ag www.iadt.ie ([News Item ref. dlr First Frames 2024](#))

Sé an spriocdáta na n-iarratas ná **Dé Luain an 22 Iúil 2024 – 12in (meanlae, Am Caighdeánach na hÉireann)**. Ní ghlacfar le hiarratas déanach ar bith. Moltar d'iarratasóirí a n-iarratas a chríochnú roimh an spriocdháta ionas go mbeadh an dóthain ama acu le haghaidh gach cáipéis a uaslódáil.

Reáchtálfar seisiún faisnéise ar líne **Déardaoin an 9 Bealtaine 2024 ag 1pm (Am Caighdeánach na hÉireann)**. Is féidir leat do chuid spéise a chlárú don seisiún faisnéise anseo: <https://events.teams.microsoft.com/event/c1485dce-c422-42c5-9231-94c5467cd2d8@da7d957b-1511-4a42-b2f5-78f847f8c87a>

Tá na Ceistanna Coitianta chomh maith le seisiún faisnéise poiblí a taifeadadh roimhe seo maidir leis an scéim, a d'fhéadfá úsáid a bhaint astu, ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin an IEDT.

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil nó le haghaidh freagra a fháil ar aon cheist agat faoin scéim, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Christina Reynolds (IEDT) ag dlrfirstframes@iadt.ie

Tabhair faoi dear na pointí '' a mbaineann ar leith le hiarratas a chur isteach i gCatagóir na Scannán as Gaeilge.

Próiseas an Mheasúnaithe agus na Critéir

Riachtanais an Iarratais

Déanfar measúnú ar gach iarratas ina dhá chéim i gcomhthéacs iomaíoch de réir na gcritéir seo a leanas:

Céim 1 – Na Critéir:

- Cruthaitheacht agus caighdeán na scrípte agus togra an tionscadail (75/100)
- Oiriúnacht na suíomhanna dlr lená n-úsáid sa scannánaíocht (25/100)

*I leith na n-iarratas atá á gcur isteach i gCatagóir na Scannán as Gaeilge. :

- Caithfidh gach cuid nó an chuid is mó den scannán a bheith as Gaeilge . Beidh sé ina bhuntáiste má scríobadh an script scannáin ar dtús i nGaeilge seachas á bheith aistriúite ón mBéarla.
- Caithfidh líofacht na Gaeilge a bheith ag beirt acu astusan a leanas: Scríbhneoir/Stiúrthóir/DOP/Léiritheoir. Bígí ag súil le ceistanna as Gaeilge mar chuid de phróiseas an agallaimh.

Céim 1 – Riachtanais an Iarratais:

1. Iarratas ar líne críochnaithe faoi Scéim First Frames dlr trí www.iadt.ie **News Item** ref. dlr First Frames 2024/2025, a theastaíonn:

- a) Loglíne (achóimre 1-2 line ar an scannán) agus achoimre gearr (200 – 300 focal)
- b) b) Sonraí teagmhála, sonraí comhlachta (más eol)
- c) c) Sainaithint na suíomhanna atá beartaithe – ba chóir go léireodh an t-arrthóir go bhfuil suíomhanna a oiriúnacha féideartha aimsithe aige laistigh DLR agus grianghraif/íomhánna a chur leo más cuí. D'fhéadfaí nach ach suíomhanna táscacha a bheith iontusan ach tá sé ríthábhachtach, áfach, go léiríonn an t-iarratas go soiléir conas a bheartaítear úsáid a bhaint as suíomhanna DLR sa scannán.
- d) d) Uaslódáil cóip PDF nó Word Doc amháin (1x) den script lena n-áirítear teideal na scrípte – ach **NÁ cuir ainm an údair leis. Ba cheart nach mbeadh os cionn 12 leathanach ag an script.**

Ní féidir leat gan ach uaslódáil amháin, UAS. 25MB, a dhéanamh agus ná cuir aon rud seachas téacs na scrípte sa PDF. NÁ cuir ainm an údair leis – cuir ach teideal na scrípte leis. Má bhaineann an t-iarratas an ngearrliosta amach, iarrfar ort faisnéis bhreise a chur ar fáil, nach mór a bheith ar fáil faoin Aoine an 20 Meán Fómhair 2024. Tá sonraí thíos maidir le riachtanais Chéim 2 curtha ar fáil duit lená mbreithniú orthu roimh ré. Ní ghlacfar le haon athrú ar an script nó ar an bhfoirm iarratais tar éis an dáta a chuirtear isteach é.

Suíomhanna:

Ní cháilíonn iarratais ach i leith tograí/scrípteanna le scannánú i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin amháin. Ní ghearrfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin táillí as aon scannánaíocht a dhéanfar ar thalamh faoi úinéireacht dlr. **Tabhair faoi deara nach mbaineann a leithéid le scannánú i dTeach Pháirc Mharlaí agus i dTeach Chábán tSile faoi raon feidhme na Scéime; teastaíonn táillí araon agus bíonn an-éileamh orthu de ghnáth.** Teastóidh idirbheartaíocht le húinéir na maoin maidir cead scannánithe agus leibhéal na dtáillí le hóc i leith aon scannánaíochta a dhéantar i suíomh eile. Tá tuilleadh eolais le feiceáil thíos maidir le ceanglais chuí an árachais, na sláinte agus na sábháilteachta.

Céim 1 - Próiseas an Mheasúnaithe:

- Gearrliostú neamhspleách ar na hiarratais incháilithe a fuarthas atá i gCéim 1. Cuirfear an toradh in iúl do gach iarratasóir trí rPhost i lár mhí Mheán Fómhair 2024.

Céim 2 – IARRATAIS AR AN nGEARRLIOSTA AMHÁIN

Céim 2 - Critéir:

- Cruthaitheacht agus caighdeánt na scrípte agus togra an tionscadail (50/100)
- Oiriúnacht na suíomhanna dlr le húsáid sa scannánaíocht (25/100)
- An stair agus an cumas léirithe ag an bhfoireann cruthaitheach maidir le tionscadal a thabhairt chun críche agus a sheachadadh leis na hacmhainní agus na cistí atá ar fáil di (25/100)

Caithfidh gach scannánóir:

- a) faisnéis bhreise mar a leagtar amach thíos a chur isteach faoin **Aoine an 20 Meán Fómhair 2024;**
AGUS
- b) a bheith ar fáil chun freastal ar agallamh painéil ar líne Dé Céadaoin an 16, Déardaoin an 17 nó Dé hAoine an 18 Deireadh Fómhair 2024 (Caithfidh an Léiritheoir, an Stiúrthóir agus Scríbhneoir na Scripte a bheith i láthair).
Deimhneofar an t-Am beacht agus an Dáta beacht mar chuid den fhógra gearrliostaithe.

Beidh ionadaithe ó Oifig Ealaíon dlr agus ón IADT chomh maith le scannánóir le taithí mar bhaill den phainéal.

*I gcás scannán i gChtagóir na Gaeilge, reáchtálfar cuid de na hagallaimh faoi na scripteanna ar an ngearrliosta as Gaeilge. Bígí ag súil le ceisteanna as Gaeilge mar chuid de phróiseas an agallaimh.

Céim 2 – Faisnéis Breise ag teastáil ó **iarrthóirí ar an nGEARRLIOSTA:**

1. Nótaí an Stiúrthóra (lena n-áirítear nótaí faoin stíl amhairc)
2. Nótaí an Léiritheora
3. Buiséad an léirithe atá beartaithe, chomh maith le nótaí ar aon mhaoiniú breise a theastaíonn nó a fuarthas cheana féin
4. Sceideal táscach: Léiriú, Iarléiriú, Críochnú agus an chéad taispeáint beartaithe
5. CVanna na príomh-fhoirne chruthaitheach (lena n-áirítear ar a laghad an Scríbhneora, an Léiritheora agus an Stiúrthóra)
6. Naisc chuig samplaí na saothar a léiríodh cheana, más ar fáil iad
7. Aon ábhar tacaíochta breise atá ar fáil
8. Uimhir chláráithe cuideachta oifigiúil. Beidh cuntas bainc don chuideachta ag teastáil ó gach iarrthóir rathúla faoi dheireadh mí Samhna nó tús mí Nollag na bliana 2024 ar a dhéanaí
9. Léargas fairsing ar chuir chuige na hinbhuanaitheachta atá beartaithe agat maidir leis an léiriú:

Scannánaíocht Inbhuanaithe:

Geallann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an IEDT an scannánaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn. Spreagaimid gach iarrthóir go ndéanfaidh sé an inbhuanaitheacht a mheas mar phríomhghné de phróiseas an léirithe. Seo a leanas cuid de na réimsí a iarrfaimid ar gach iarrthóir ar an ngearrliosta smaoinemh orthu:

- Úsáid a bhaint as socruithe carr-roinnte más féidir
- Úsáid a bhaint as iompair phoiblí más féidir

- Suíomh socraithe a roghnú – maidir le roghanna an iompair
- An lónadóireacht a eagrú ar sheit – úsáid a bhaint as ábhair inmhúirín, diúscairt a dhéanamh ar aon dramhaíl bia, gan aon bhuidéil phlaisteacha ar sheit
- Feisteas agus tacair – úsáid a bhaint as ábhair athlámhe agus athchúrsáilte más féidir.
- Saolré na bhfeisteas agus an fheiste a chur san áireamh; ceistigh cad a tharlaíonn dóibh tar éis an tsiút (athchúrsáilte, athcheapaithe srl.)
- Conas is féidir leat a leithéid thuas a chur in iúl don fhoireann agus á neadú sa phróiseas ó htús báire

Príomh-Dhátáí

Spriocdátá an Iarratais	Dé Luain an 22 Iúil ag 12.00in (meánlae)
Fógra torthaí Céim 1	Lar Mí Mean Fómhair 2024
Spriocdháta eolais bhreise Chéim 2 (na hiarrthóirí ar an ngearrliosta amháin)	Dé hAoine an 20 Meán Fómhair 2024
Agallamh painéil Chéim 2 (tá tinreamh éigeantach ionas a fhanacht incháilithe) * Maidir le scannáin i gCatagóir na Gaeilge, reáchtálfar cuid de na hagallaimh le haghaidh scrípteanna ar an ngearrliosta as Gaeilge. Bígí ag súil le ceisteanna as Gaeilge mar chuid de phróiseas an agallaimh.	Dé Céadaoin an 16 nó Déardaoin an 17 nó Dé hAoine an 18 Deireadh Fómhair 2024
Fógra torthaí Chéim 2 do gach éinne ar an ngearrliosta	Seachtain le tús Dé Luain an 21 Deireadh Fómhair 2024
Cáipéisíocht bhreise, síniú an chonartha Sonrasc an 1ú tráinse chuig dlr (buaiteoirí na ndeontas amháin)	Lena chríochnú faoi dheireadh Mí Samhain na bliana 2024 Lena chríochnú faoi dheireadh Mí Nollaig na bliana 2024
Seachadadh na scannán chríochnaithe	Deireadh Meán Fómhair na bliana 2025
An scannáin chríochnaithe á thaispeáint i dlr	Mí Dheireadh Fómhair/ Mí Samhain na bliana 2025

Buaiteoirí na nDeontas – Faisnéis Bhreise ag Teastáil:

1. Glacadh i scríbhinn leis an tairiscint lena áirítear ainm oifigiúil na cuideachta lena mbeidh an Conradh le dlr
2. 2. Mion-bhuiséad an léirithe (CBL san áireamh) chomh maith le dearbhú i scríbhinn ar aon fhoinsí maoinithe breise, sé sin, deimhniú, infhaighteacht agus méid
3. 3. Sceideal an léirithe
4. 4. Teastas árachais a chuimsíonn slánaíocht do dlr **agus** don IEDT
5. 5. Comhaontú an Stiúrthóra (le breac-chuntas ar a chuid dhualgas)
6. 6. Comhaontú an Táirgeora (le breac-chuntas ar a chuid dhualgas)
7. 7. Litir scaoilte ó scríbhneoir na scrípte.

8. 8. Litir ón mbanc ag dearbhú nach bhfuil lian ag éinne ar na cistí sa chuntas ábhartha.
9. 9. Foirm críochnaithe BOO Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le haghaidh aistriú an airgid chuig cuntas bainc na cuideachta cláraithe

Faoi réir an méid thuas á fháil in ord, socróidh DLR síniú an chonartha agus eiseoidh sé Ordú Ceannaigh le huimhir tagartha a chaithfidh a bheith le feiceáil ar aon sonrasc a chuirtear isteach.

Faisnéis Bhreise

Beidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i dteideal an chéad thaispeáint phoiblí ar na scannáin roghnaithe, a bheidh ar siúl i dlr, a eagrú. Déanfar aon taispeáint thosaigh lasmuigh de dlr faoi réir chomhaontú ó Oifig Ealaíon an dlr roimh ré.

Beidh ar gach iarrthóir rathúil a chinntiú go bhfuil árachas cuí i bhfeidhm le haghaidh clúdach a thabhairt do gach gníomhaíocht na scannánaíochta agus chun a chinntiú go bhfuil Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus IEDT ainmnithe agus slánaithe ar gach polasaí dá leithéid. Tá an cuideachta scannán freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an léiriúchán gach reachtaíocht ábhartha na sláinte agus na sábháilteachta agus ba cheart na riachtanais a mbaineann leo a chur san áireamh agus an buiséad á chur le chéile. Ní mór Plean na Sláinte agus na Sábháilteachta agus Plean Measúnú an Riosca a bheith i bhfeidhm. Baineann an cur i bhfeidhm ar an léiriú ar feadh tréimhse an tsiút amháin. Tá tuilleadh faisnéise agus naisc ábhartha le feiceáil ag Screen Ireland.

Coimeádann IEDT agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an ceart gan aon togra a choimisiúnú má meastar nach oiriúnach iad gach togra a fuarthas. Sa chás seo, forchoimeádann siad an ceart acu go leanais ar aghaidh le próiseas eile an tsoláthair.

Saoráil Faisnéise

Baineann forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997-2003 le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus le Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ba chóir do gach iarrthóir a lua má tá aon chuid den fhaisnéis atá á chur ar fáil aige faoi rún nó íogair agus nár cheart á nochtadh d'aon iarratas ar fhaisnéis faoin Acht thuasluaite. Ba cheart go luafadh an t-iarrthóir cén fáth a measann sé go bhfuil an fhaisnéis faoi rún nó íogair ó thaobh na tráchtála de.

RGCS

Coinneofar gach faisnéis a chuirtear ar fáil agus a bhaineann leis an iarratas seo ar feadh tréimhse bliana amháin ón dáta a cuireadh isteach í agus fanfaidh sé i seilbh an IEDT/Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ní bhainfear aon úsáid as an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil mar chuid den iarratas ach chun críocha an iarratais féin, agus ní bhainfidh IEDT agus Oifig Ealaíon an dlr úsáid aisti ach amháin chun críocha an coimisiún ar leith seo a riar agus a bhainistiú, lena n-áirítear próiseas an roghnúcháin. Is féidir leat do chead maidir le coinneáil na faisnéise a bhaineann le d'iarratas a tharraingt siar ag am ar bith trí rPhost a sheoladh chuig dlrfirstframes@iadt.ie.